Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10607/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0145 (NLE)**

**CYBER 297**
**TELECOM 323**
**COEST 481**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 280 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais le haghaidh na Moldóive agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1458 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 280 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 280 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2026
COM(2026) 280 final

2026/0145 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais le haghaidh na Moldóive agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1458**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

2026/0145 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais le haghaidh na Moldóive agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1458

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/38 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais a bhrath agus chun ullmhú dóibh agus freagairt orthu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (An Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht)[1], agus go háirithe Airteagal 19(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Meitheamh 2022, dheonaigh an Chomhairle Eorpach stádas tír is iarrthóir don Mholdóiv. Bhí an cinneadh bunaithe ar chomhlíonadh na gcoinníollacha ag an Moldóiv, ar coinníollacha iad a shonraítear sa tuairim ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2022 maidir le hiarratas na Moldóive ar bhallraíocht. An 14 Nollaig 2023, chinn an Chomhairle Eorpach tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais leis an Moldóiv, tar éis an mholta a d'eisigh an Coimisiún.

(2) Sna conclúidí uaithi an 15 Nollaig 2022, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go leanfadh an tAontas de gach tacaíocht ábhartha a thabhairt don Mholdóiv agus í ag déileáil leis an tionchar ilghnéitheach atá ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

(3) Tá tionchair eacnamaíocha agus shochaíocha ag teagmhais chibearshlándála ar fud an Aontais agus ar an leibhéal domhanda i gcónaí. Tá cibearbhagairtí ag forbairt go han-tapa i dtíortha áirithe is iarrthóirí an Aontais ina bhféadfadh teagmhais fhéideartha shuntasacha nó mhórscála cur as do bhonneagar criticiúil agus dochar a dhéanamh dó, cur isteach ar fheidhmiú ceart an gheilleagair agus na n-institiúidí nó rioscaí tromchúiseacha a chruthú do shlándáil agus sábháilteacht phoiblí na n-eintiteas agus na saoránach. Is amhlaidh atá go háirithe sa Mholdóiv, áit a bhfuil an Rúis i mbun feachtais hibrideacha agus cibirionsaithe chun bonneagar criticiúil, próisis dhaonlathacha agus bonneagar toghcháin a chur i mbaol.

(4) Agus cineál dothuartha ionsaithe cibearshlándála á chur san áireamh, agus ós rud é gur minic nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach iad agus go bhfuil riosca ard

[1] IO L, 2025/38, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/38/oj.

iarmharta ag baint leo, rannchuidítear leis an Aontas, ina iomláine, a chosaint, agus go háirithe an margadh inmheánach agus an tionsclaíocht, le neartú athléimneacht na dtíortha comharsanachta agus a n-acmhainneachta freagairt go héifeachtach do theagmhais shuntasacha chibearshlándála agus teagmhais mhórscála chibearshlándála. Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) 2025/38, foráiltear gur féidir tacú le tríú tíortha ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais ('an Cúltaca'), ina gcríocha uile nó i gcuid dá gcríocha, ar tríú tíortha iad atá ina bpáirtithe i gcomhaontú comhlachais leis an Aontas lena gceadaítear a rannpháirtíocht sa Chlár don Eoraip Dhigiteach ('CED') ('tríú tíortha atá comhlachaithe le CED'), i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sin sa chomhaontú lena ndéantar an tríú tír a chomhlachú le CED.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2025/38, is féidir le tríú tíortha atá comhlachaithe le CED tacaíocht a iarraidh ón gCúltaca nuair is eintitis a oibríonn in earnálacha ardchriticiúlachta nó eintitis a oibríonn in earnálacha criticiúla eile iad na heintitis ar a ndírítear agus a bhfuil an tacaíocht sin á hiarraidh acu ina leith agus nuair a bhíonn suaitheadh oibríochtúil suntasach mar thoradh ar na teagmhais a bhraitear nó nuair a d'fhéadfadh éifeachtaí iarmharta a bheith acu san Aontas. Níl tríú tír incháilithe don tacaíocht sin ach amháin i gcás ina ndéantar foráil shonrach maidir leis sin sa chomhaontú lena ndéantar an tír sin a chomhlachú le CED. Ina theannta sin, níor cheart do na tríú tíortha sin a bheith incháilithe ach amháin fad a chomhlíontar na trí chritéar a leagtar amach in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2025/38. Ar an gcéad dul síos, tá téarmaí ábhartha an chomhaontaithe sin le comhlíonadh ag an tríú tír go hiomlán. Ar an dara dul síos, i bhfianaise chineál comhlántach an Chúltaca, tá bearta leormhaithe le bheith déanta ag an tríú tír chun ullmhú le haghaidh teagmhais shuntasacha chibearshlándála nó teagmhais chibearshlándála choibhéiseacha ar mhórscála. Ar an tríú dul síos, tá soláthar na tacaíochta ón gCúltaca le bheith comhsheasmhach le beartas an Aontais i leith na tíre sin, agus leis an gcaidreamh foriomlán léi, agus le beartais eile an Aontais i réimse na slándála.

(6) Féadfaidh soláthar na tacaíochta do thríú tíortha atá comhlachaithe le CED difear a dhéanamh don chaidreamh le tríú tíortha agus do bheartas slándála an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs an chomhbheartais eachtraigh agus slándála agus an chomhbheartais slándála agus cosanta. Gníomhaíonn an Chomhairle ar bhonn togra ón gCoimisiún, agus aird chuí á tabhairt ar mheasúnú an Choimisiúin ar na trí chritéar dá dtagraítear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2025/38.

(7) Tá difear mór á dhéanamh don Mholdóiv le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus dírítear gníomhaíochtaí hibrideacha na Rúise go díreach uirthi chun an tír a dhíchobhsú agus dochar a dhéanamh dá conair i dtreo aontachas leis an Aontas. I bhfianaise an mhéid sin, sholáthair an tAontas tacaíocht chuimsitheach don Mholdóiv maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimpi de dheasca chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, agus chun athléimneacht, slándáil agus cobhsaíocht na tíre a neartú d'ainneoin ghníomhaíochtaí díreacha díchobhsaithe na Rúise.

(8) An 24 Aibreán 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/855 lena mbunaítear Misean Comhpháirtíochta sibhialtach de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta chun comhairle straitéiseach agus tacaíocht oibríochtúil a sholáthar i réimsí na bainistíochta géarchéime agus na mbagairtí hibrideacha. Ó bhí 2021 ann, sholáthair an tAontas tacaíocht leanúnach tríd an tSaoráid Eorpach Síochána chun acmhainneachtaí na Moldóive sa réimse míleata agus cosanta a neartú. Le síniú na Comhpháirtíochta Slándála agus Cosanta idir an tAontas Eorpach agus an Mholdóiv an 21 Bealtaine 2024, rinneadh cuíchóiriú ar struchtúr chomhar an Aontais leis an Moldóiv i bpríomhréimsí na síochána, na

slándála agus na cosanta. Thairis sin, is é is aidhm don Phlean Fáis don Mholdóiv, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2024, tacú le leasuithe socheacnamaíocha na Moldóive agus a rochtain ar an margadh inmheánach a fheabhsú, agus measfar go mbeidh athchóirithe sonracha ann i réimse an rialachais cibearshlándála.

(9) Ós rud é gur chomhlíon an Mholdóiv na critéir a leagtar amach in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2025/38, údaraíodh tacaíocht ón gCúlchiste le haghaidh na Moldóive le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1458 ón gComhairle[2] an 14 Iúil 2025. Ó shin i leith, tá an Mholdóiv incháilithe le tairbhiú de thacaíocht chun freagairt do theagmhais chibearshlándála.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(4) de Rialachán 2025/38, beidh feidhm ag Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1458 ar feadh bliain amháin ar a mhéad agus féadfar é a athnuachan. Rinne an Coimisiún athmheasúnú ar na trí chritéar a leagtar amach in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2025/38 agus meastar gur comhlíonadh iad. Chuaigh sé i gcomhairle freisin le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an measúnú sin á dhéanamh.

(11) Toisc go ndéantar foráil leis an gcomhaontú lena ndéantar an Mholdóiv a chomhlachú leis an gclár don Eoraip Dhigiteach maidir le tacaíocht ón gCúltaca agus toisc go bhfuil na critéir a leagtar amach in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2025/38 á gcomhlíonadh ag an tír sin, ba cheart tacaíocht don Mholdóiv ón gCúltaca a údarú fós. Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1458 a athnuachan de bhun Airteagal 19(4) de Rialachán 2025/38 agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme seo a chur ina ionad.

(12) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1458 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear soláthar na tacaíochta ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais do Phoblacht na Moldóive de réir bhrí Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2025/38.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1458.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Iúil 2026 agus beidh feidhm aige ar feadh bliain amháin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[2] IO L, 2025/1458, 18.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1458/oj.